Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11090 – EFMS / SK SQUARE / SK SHIELDUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 141/07)

1. An 12 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EQT Fund Management S.à r.l. ("EFMS", Lucsamburg),

— SK Square Co., Ltd. ("SK Square", Poblacht na Cóiré),

— SK Shieldus Co., Ltd ("SK Shieldus", Poblacht na Cóiré).

Gheobhaidh EFMS agus SK Square rialú comhpháirteach ar SK Shieldus de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é EFMS a fhéachann le hinfheistíochtaí a dhéanamh sa bhonneagar agus i sócmhainní agus i ngnólachtaí a bhaineann le bonneagar san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh go príomha,

— Is cuideachta bainistíochta gníomhaí punainne é SK Square agus infheistíonn sí i gcuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha nua teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide,

— Tá SK Shieldus gníomhach den chuid is mó i soláthar seirbhísí slándála fisiciúil, seirbhísí cibearshlándála agus seirbhísí slándála comhtháite. Tá an chuideachta gníomhach den chuid is mó sa Chóiré Theas, agus tá mionláithreacht aici sna Stáit Aontaithe agus ar fud na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11090 – EFMS / SK SQUARE / SK SHIELDUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË